Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16174/1/24**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0213(CNS)**

**FISC 246**
**ECOFIN 1382**
**ENER 576**
**ENV 1150**
**CLIMA 420**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh<br>- Díospóireacht bheartais |

Chun treoir a thabhairt don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl le linn na Comhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 10 Nollaig 2024, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta ina bhfuil ceist, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn thíos.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus an cheist ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) díospóireacht bheartais a thionól bunaithe ar an gceist a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh**

**Nóta ón Uachtaránacht**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú), ('an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

2. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, agus dá bhrí sin rannchuidíonn sé le spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is é atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha a bhfuil an cuspóir céanna acu uile: aistriú cothrom, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

## II. STAID NA hIMEARTHA

3. Seoladh anailís theicniúil ar an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach — Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) i mí Mheán Fómhair 2021. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an comhad roinnt uaireanta.

4. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Ecofin) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn. Tríd is tríd, thacaigh na hAirí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna oscailte. Leanadh den anailís theicniúil agus an treoir pholaitiúil sin á cur san áireamh.

5. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na hUngáire den obair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Rinneadh anailís ar an gcomhad ag cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 12 Iúil, an 16 Meán Fómhair, an 23 Deireadh Fómhair agus an 14 Samhain 2024, agus ag cruinniú den Mheitheal Ardleibhéil an 26 Meán Fómhair agus an 27 Samhain 2024.

## III. OBAIR AR SHAINCHEISTEANNA ÉAGSÚLA

6. Rinne Uachtaránacht na hUngáire coigeartuithe móra ar thábla comhshó na nglanluachanna calracha (Iarscríbhinn II) ionas go mbeadh an tábla chomh hiomlán agus is féidir. Thairis sin, cuireadh isteach roinnt catagóirí táirgí chun cuidiú le cur chun feidhme réidh na Treorach a áirithiú. Pléadh freisin na cásanna inar gá imeacht ó na fachtóirí coinbhéartachta sonraithe, mar shampla táirgí nua nó táirgí a bhfuil luachanna calracha éagsúla acu ag brath ar réigiúin.

7. Bhí deis ag na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha a dhéanamh chun a bheith in ann forálacha rialaithe agus gluaiseachta Threoir (AE) 2020/262 a chur i bhfeidhm maidir le gluaiseacht olaí bealaithe i bpacáistí (suas le 220 lítear).

8. Arna iarraidh sin do roinnt toscaireachtaí, rinneadh mionathrú ar na forálacha maidir leis an gcoscán éigeandála, chun go mbeadh an uirlis sin inúsáidte go praiticiúil i gcás géarchéim fuinnimh a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

9. Chun sainiúlachtaí na mBallstát a chur san áireamh, rinneadh coigeartuithe ar na hidirthréimhsí i gcás gás nádúrtha, GPL, comhghiniúint teasa agus cumhachta agus teaghlach.

10. Le linn an tseimeastair reatha, chuathas i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le cánachas bunaithe ar chomhpháirteanna, go háirithe cuireadh isteach tagairt do shaincheist na n-aisíocaíochtaí. Ina theannta sin, pléadh na saincheisteanna maidir le státchabhair, agus bhí baint ag AS COMP an Choimisiúin leis an bplé sin freisin. Thairis sin, tugadh na cóid AC cothrom le dáta agus tugadh soiléiriú i dtaca le cuid mhór saincheisteanna teicniúla agus trasuímh.

11. Bhí cánachas ar eitlíocht agus ar loingseoireacht uisce-iompartha ar cheann de na saincheisteanna is achrannaí le linn na caibidlíochta. Rinne an Uachtaránacht obair mhór chun tuairimí éagsúla na dtoscaireachtaí a thabhairt níos gaire dá chéile. Ós rud é gur bac mór ar an dul chun cinn maidir leis an togra ina iomláine í an tsaincheist sin, agus chun an plé a éascú, mheas an Uachtaránacht gurbh é an rogha ab inmharthana téacs na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh is infheidhme faoi láthair maidir le heitlíocht agus loingseoireacht uisce-iompartha a choinneáil, agus clásal athbhreithnithe a chur isteach in 2035 agus, i gcás na heitlíochta, an coincheap maidir le 19 suíochán nó níos lú a choinneáil. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur tháinig laghdú mór ar leibhéal na huaillmhéine maidir leis an tsaincheist sin. Mar sin féin, ba mhaith leis an Uachtaránacht a chur in iúl, i bhfianaise na gceanglas éigeantach atá sa reachtaíocht a comhaontaíodh cheana maidir le Refuel Aviation agus FuelEU Maritime, go bhféadfadh athrú mór teacht ar chás na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe faoi cheann 10 mbliana.

12. Tugadh teidil do na hairteagail chun an dréacht-treoir a mhúnlú agus chun go mbeadh sí níos inléite. Rinneadh coigeartú breise na haithrisí ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an gcuid eile den dréacht-treoir.

13. D'athdhearbhaigh na toscaireachtaí na seasaimh uathu, a bhfuiltear eolach go maith fúthu, maidir le roinnt saincheisteanna eile. Mar sin féin, ní dheachaigh an Uachtaránacht reatha i mbun plé an athuair maidir leis na saincheisteanna sin toisc go measann sí gur pléadh na saincheisteanna sin go mion le linn na nUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo agus gur cosúil go léiríonn an téacs comhréiteach leochaileach.

14. Mar shampla, b'fhearr le roinnt toscaireachtaí go mbeadh díolúine iomlán ann don talmhaíocht agus go laghdófaí cáin ar bhreoslaí tráchtála. Ag an am céanna, b'fhearr le formhór na dtoscaireachtaí gan na díolúintí ná na laghduithe sin a chur ar fáil sa Treoir. Thairis sin, tá go leor díolúintí agus laghduithe sa téacs reatha cheana féin. Cé gurbh é céadsprioc an athbhreithnithe ar an Treoir líon na ndíolúintí agus na laghduithe cánach a laghdú, glacann na toscaireachtaí leis go bhfuil sainiúlachtaí agus tosaíochtaí éagsúla ag na Ballstáit éagsúla.

15. Cé go bhfuil formhór na dtoscaireachtaí ar son an innéacsaithe, tá roinnt acu arbh fhearr leo go bpléifí an t-innéacsú le huaschéatadán níos ísle nó nach bhfuil in ann tacú leis san fhoirm reatha. Ní mór a lua gur ceist bhunúsach san athbhreithniú é an t-innéacsú, a fhónfaidh don chuspóir nach ndéanfar na híosleibhéil chánachais a dhíluacháil.

16. Tá roinnt de na toscaireachtaí nach bhfuil iomlán sásta go fóill leis an raon feidhme a bhaineann le roinnt de na táirgí, mar shampla, an dramhaíl, na próisis mhiotalóireachta agus an mhóin.

17. Is ag an Meitheal Ardleibhéil um Cheisteanna Cánach an 27 Samhain 2024 a ullmhaíodh an plé do Chomhairle Ecofin mhí na Nollag; thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí le díospóireacht bheartais Ecofin i ndáil leis an gcomhad maidir le Cánachas Fuinnimh. Bhí formhór na dtoscaireachtaí den tuairim go léirítear cothromaíocht íogair sa chomhréiteach is déanaí ón Uachtaránacht agus go bhféadfadh sé a bheith ina fheabhsúchán i gcomparáid leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh is infheidhme faoi láthair. Choimeád roinnt de na toscaireachtaí seasamh níos neodraí agus chuir roinnt toscaireachtaí eile in iúl nach raibh aon seasamh polaitiúil acu go fóill. Chuir roinnt de na toscaireachtaí in iúl nach mór tuilleadh plé a dhéanamh ar shaincheisteanna faoi leith, mar shampla suiteálacha beaga, an raon feidhme a bhaineann le roinnt de na táirgí, an chánachas ar eitlíocht agus ar an loingseoireacht uisce-iompartha (lena n-áirítear an iascaireacht), an díolúine ó cháin don talmhaíocht, an laghdú cánach ar bhreoslaí tráchtála, uaschéatadán an innéacsaithe agus Iarscríbhinn III.

## IV. NA BUNTAISTÍ ATÁ LEIS AN TREOIR MAIDIR LE CÁNACHAS FUINNIMH ATHBHREITHNITHE

18. Fiú mura ngearrfaí cáin ar tháirgí fuinnimh a úsáidtear in earnálacha na heitlíochta agus na loingseoireachta uisce-iompartha ar feadh tréimhse áirithe, tá an Uachtaránacht den tuairim, mar sin féin, gur dul chun cinn suntasach an Treoir athbhreithnithe atá faoi chaibidil faoi láthair i gcomparáid leis an Treoir is infheidhme faoi láthair.

19. Leis an treoir athbhreithnithe, bheadh an chaoi a gcaitear le cánachas ar na nuatheicneolaíochtaí (mar shampla, cealla breosla, feithiclí leictreacha) agus ar tháirgí (mar shampla, hidrigin) soiléir agus indéanta sa chleachtas. Dá n-athrófaí ó thoirt (rátaí arna sloinneadh in aghaidh an lítir) go cánachas bunaithe ar chion fuinnimh agus dá gcinnfí rátaí de réir fheidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí, bheadh deis ann do theicneolaíochtaí glasa tairbhe a bhaint as rátaí cánach níos ísle. De réir na Treorach is infheidhme faoi láthair, gearrtar an cháin chéanna ar bhreoslaí nua ar lú a lorg carbóin agus a ghearrtar ar a gcoibhéis iontaise; ina theannta sin, tá bithbhreoslaí faoi mhíbhuntáiste de bharr an chánachais toirt-bhunaithe, toisc gurb iondúil go mbíonn cion fuinnimh níos ísle ag lítear bithbhreosla ná lítear den bhreosla iontaise a bheadh san iomaíocht agus go bhfuil feidhm ag an ráta cánach céanna.

20. D'fhéadfadh na Ballstáit cánachas bunaithe ar chomhpháirteanna a chur i bhfeidhm i gcás inar féidir, ach bheadh roinnt roghanna malartacha ann freisin chun cáin a ghearradh ar tháirgí áirithe. Áirítear sa Treoir athbhreithnithe atá faoi chaibidil faoi láthair roinnt forálacha a chuideodh leis an trasuí agus an aonfhoirmeacht idir na Ballstáit, mar shampla, luachanna agus catagóirí aonfhoirmeacha maidir le calracha a shainiú do gach táirge a d'fhéadfadh a bheith ann.

21. Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais freisin go gcruthódh glacadh na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh athbhreithnithe leibhéal níos mó comhsheasmhachta le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, mar shampla, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite nó Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Laghdófaí an fhéidearthacht go ndéanfaí imghabháil cánach trí ola bhealaithe a aicmiú ar an mórchóir mar tháirge rialaithe. Ina theannta sin, thiocfadh méadú ar an méid comhchuibhithe toisc go gcuirfí deireadh le roinnt díolúintí agus laghduithe cánach (na próisis mhiotalóireachta, díolúintí cánach do theaghlach, comhghiniúint teasa agus cumhachta, ola gháis tráchtála); ach ní mór glacadh leis go bhfuil am ag teastáil ó na Ballstáit don aistriú, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh trí roinnt idirthréimhsí a thabhairt isteach.

22. I gcás na ndíolúintí cánach agus na laghduithe cánach atá fanta, tá soiléiriú déanta ar na saincheisteanna maidir le státchabhair. Breisluach suntasach eile a bhaineann leis an téacs is ea an t-innéacsú, rud a chuirfeadh stop le híosleibhéil a dhíluacháil agus a d'fhéadfadh cóineasú rátaí cánach na mBallstát a bheith mar thoradh air. Faoiseamh mór a bheadh ann do na Ballstáit sin a bhfuil a n-airgeadra féin acu go ndéanfaí luach an euro a ríomh ar mheán 6 mhí seachas ar lá amháin.

23. Leis an Treoir athbhreithnithe, chruthófaí deis chun an leictreachas a sholáthraítear d'aerárthaí atá ar lonnú ag an ngeata nó ag suíomh amach ón aerfort agus do shoithí atá ar ancaire ag calafoirt a dhíolmhú, rud a chuirfeadh deireadh leis an nós imeachta um údarú is infheidhme faoi láthair.

**V. AN BEALACH CHUN CINN**

24. Tuigtear don Uachtaránacht go bhfuil plé críochnúil déanta le trí bliana anuas ar gach ábhar de chomhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh, rud a fhágann nach bhfuil aon saincheisteanna móra eile ann nach bhfuil roghanna na dtoscaireachtaí soiléir ina leith. Dar leis an Uachtaránacht, táthar ar aon bhuile leis an leagan amach a bhí ag na hairí in 2022, eadhon, tá cothromaíocht iomchuí sa togra idir na spriocanna glasa agus sainiúlachtaí na mBallstát. Le déanaí, tá ceist chothrománach a bhaineann le hiomaíochas an Aontais tagtha chun cinn i bhfóraim éagsúla. Tá formhór na dtoscaireachtaí den bharúil gur feabhas soiléir a bheadh sa togra reatha i gcomparáid leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh is infheidhme faoi láthair.

25. Ag an am céanna, admhaíonn an Uachtaránacht nach mór grinnscrúdú dlíthiúil agus roinnt coigeartuithe teicniúla a dhéanamh ar an téacs foriomlán.

26. Agus aird á tabhairt ar spriocanna glasa na dréacht-Treorach, ar shainiúlachtaí Ballstát áirithe, agus ar iomaíochas an Aontais freisin, ba mhaith leis an Uachtaránacht aiseolas a fháil maidir leis an gcothromaíocht a baineadh amach le linn na caibidlíochta.

## VI. CEIST AR NA hAIRÍ

27. I bhfianaise an mhéid thuas agus chun treoir a fháil maidir leis an mbealach chun cinn maidir le comhad na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh, iarrtar ar na toscaireachtaí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an gceist seo a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

I bhfianaise threoir 2022 ó Chomhairle ECOFIN, an bhfuil tú den tuairim go léiríonn staid reatha na caibidlíochta maidir leis an Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh go bhfuilimid ag dul sa treo ceart chun cothromaíocht a bhaint amach idir uaillmhian aeráide agus sainiúlachtaí na mBallstát, chomh maith le hiomaíochas an Aontais?